Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020**

**CM 5194/20**

**CODEC**
**GAF**
**FIN**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | javier.gomez-de-aguero-lopez@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.72.02 |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise **(2018/0170 COD)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 5070/20 |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 5070/20 Dé Luain an 30 Samhain 2020, a thabhairt i gcrích Dé hAoine an 4 Nollaig 2020 agus gur vótáil na toscaireachtaí go léir, seachas an Ostair, an Eastóin, Lucsamburg agus an Ísiltír a staon ón vótáil, i bhfabhar ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, mar a leagtar amach in 10008/20 + COR 1 (de) é, agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle, mar a leagtar amach é in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad sin.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Glactar, dá bhrí sin, an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Tá an ráiteas ón Iodáil le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo agus déanfar é a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

# RÁITEAS ÓN IODÁIL

Daingníonn an Iodáil a thábhachtaí atá sé sonraí ó chlárlanna agus ó idirbhearta baincéireachta a fháil agus a úsáid ó chéimeanna tosaigh an iniúchta riaracháin, *inter alia* chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint.

Agus é sin á thabhairt dá haire, measann an Iodáil go bhfuil sé riachtanach rochtain ar shonraí baincéireachta laistigh d'imscrúduithe riaracháin arna ndéanamh ag OLAF a dhéanamh trí chúnamh agus comhar na n-údarás náisiúnta is inniúil san acmhainneacht riaracháin chéanna agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint de bhun Airteagal 325 CFAE.

Chun éifeachtacht aonfhoirmeach níos fearr na n-iniúchtaí frithchalaoise riaracháin a áirithiú, tá súil ag an Iodáil gur féidir sonraí baincéireachta a fháil trí mhodhanna riaracháin go hiarbhír ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh, mar is amhlaidh cheana féin san Iodáil.